Plean DEIS 2025-2028

Coláiste Cholmcille Indreabhán

2. Plean Coinneála a Fheabhsú

Plean DEIS – Coinneáil Coláiste Cholmcille, Indreabhán: 2025-2028

Plean Achomair le COINNEÁIL a fheabhsú

Sprioc(anna):

1. Déanfaidh gach scoláire Ardteistiméireacht (seachas scoláirí le neamhord ginearálta foghlama sa réimse Mion agus Meánach).
2. Críochnóidh gach scoláire 5 nó 6 bliana sa tsraith oideachais dara leibhéal.
3. Ní bheidh aon scoláire ag titim as an gcóras gan Scrúduithe na Sraithe Sóisearach a bheith déanta (Cláir Foghlama Leibhéil 1 agus 2 san áireamh, de réir mar is cuí).

Tá na spriocanna seo clóiteach le:
Critéir Theangbhunaithe na Scéime: 1,2,3,4,5,6,7,8,9,10,11
Luachanna hÉiteas an BOOÉ seo a leanas: Barrfeabhas san oideachas, Comhionannas, Cúram
Plean Straitéiseach/ FMS: Sprioc 1,2.

Gníomhartha:
Luaigh na bearta atá molta (idir chinn reatha agus chinn nua) le COINNEÁIL a fheabhsú. Ba cheart go ndéanfaí na gníomhartha i ndiaidh a chéile agus go mbeidís comhordaithe thar thréimhse trí bliana an phlean leis an éifeacht is mó is féidir a bhaint amach .

Beart	Chun díriú ar Sprioc (anna) uimh.	Cé?	Príomhfhreagracht	Cathain?	Acmhainní?
Beart 1: Cuirfidh Bainistíocht na Scoile curaclam cuí le rogha mealltach ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí agus na hArdteistiméireachta *(Leibhéal 1,2,3 den gCantanam Tacaíochta)*					
• Rogha leathan ábhar le roghnú don chéad bhliain agus cúigiú bliain bunaithe ar suimeanna agus tosaíochtaí na scolairí chomh mór agus is féidir de réir an leithroinnt múinteora. • Curaclam / plean folláine a chur i bhfeidhm sa seomra ranga, i dtimpeallacht na scoile agus trí imeachtaí eischuraclaim.	1,2,3 1,2,3	PÓS MÓD Gach múinteoir ENG CRS	PÓS PÓS ENG	Go bliantiúil Go leanúnach	• Leithroinnt múinteoirí • Plean Folláine • Imeachtaí eischuraclaim • Féilire Tyro

• Tacaíochtaí a chur ar fáil dóibh do na scoláirí atá aitheanta ar aon leibhéal den chontanam. • Rochtain a bheith ag an bhfoireann ar phleananna tacaíochta aonair na scoláirí ionas gur leo freastal ar a gcuid riachtanais.	1,2,3 1,2,3	PÓS MM / LNF MM Foireann tacaíochta foghlama	PÓS MM	Go bliantiúil / mar a thagann riachtanais chun cinn Go leanúnach	• Auigisín 1 & 2 den mapáil soláthair • Teams • Am riaracháin don fhoireann TF • Cruinnithe Foireann Tacaíochta Scoláirí • Cruinnithe Oidí Ranga
Beart 2: Aithneofar na scoláirí atá i mbaol titim amach agus cuirfear na tacaíochtaí cuí ar fáil *(Leibhéal 1,2,3 den gCantanam Tacaíochta)*					
• Déanfaidh an TBSP teagmháil le tuismitheoirí an scoláire agus rachaidh sí ar chuairt baile. • Eagrófar agus/nó molfar tacaíochtaí meabhairshláinte do na scoláirí a dteastaíonn siad uathu; Meantóireacht in-scoile, seirbhísi siceolaíochta, seirbhís oibrithe sóisialta, Jigsaw, Aware srl. • Eagrófar tacaíochtaí breise curaclaim / acadúlacht do na scoláirí a dteastaíonn sé uathu; club obair bhaile, cúnamh teagaisc ón CCS, curaclam laghdaithe srl. • Eagrófar Plean Aonair Tinrimh más fadhb í tinreamh an scoláire agus cuirfear tacaíochtaí ar fáil chun tinreamh a fheabhsú. (Plean le Tinrimh a fheabhsú)	1,2,3 1,2,3 1,2,3 1,2,3	AND AND PÓS CCS AND CCS MM AND MÓD	AND AND AND MÓD	De réir mar a thagann baol chun solais De réir mar a thagann baol chun solais De réir mar a thagann baol chun solais De réir mar a thagann baol chun solais	• Tacaíocht airgeadais & cláir an CCS • Sonraí teagmhála tuismitheoirí • Polasaí Tinrimh • Clár Samhraidh – foireann agus bainistíocht • Amchlár treorach

• Clár Samhraidh a rith agus a chur ar fáil do scoláirí aitheanta ar leibhéal 2 agus 3 den gCantanam Tacaíochta. • Am meantóireachta ar amchlár an Múinteoir Treorach le casadh leis na scoláirí seo go rialta.	1,2,3 1,2,3	MM PÓS MÓD	MM PÓS	De réir éilimh Leanúnach	
Beart 3: Déanfar cinnte go gcuirtear Cláir aistrithe éifeachtach agus tairbheach i bhfeidhm le tacú leis na scoláiri. *(Leibhéal 1,2,3 den gCantanam Tacaíochta)*					
• Clár aistriúcháin ó Rang 6 go Bliain 1 * • Clár Aistriúcháin ón Sraith Sóisearach go dtí an Idirbhliain* • Clár Aistriúcháin ón Idirbhliain go dtí an Sraith Sinsearach* • Clár Aistriúcháin ón Sraith Sinsearach go cúrsaí 3ú leibhéal / saol oibre * • Clár Aistriúcháin scoláire nua ag aistriú ó scoil eile* (*Féach Plean le hAistrithe a Fheabhsú)	1,2,3	PÓS NNS ENG MÓD RNB AND	PÓS	Go leanúnach	• Plean le hAsitrithe a Fheabhsú

Monatóireacht:

Luaigh an bealach ina ndéanfar monatóireacht ar an dul chun cinn agus luaigh na heatraimh (go míosúil/uair sa téarma/go bliantúil...) in imeacht na dtrí bliana

1. Cuairteanna baile go rialta orthu siúd i mbaol.
2. Cruinnithe tuismitheoirí /múinteoirí-cúpla uair sa bhliain.
3. Cumarsáid rialta idir tuismitheoirí / múinteoirí tríd an gcóras Tyro
4. Tuairiscí scoile-3 huaire sa bhliain.
5. Cruinnithe TBSP leis an gClár Críochnú Scoile.
6. Am meantóireachta (seiceáil isteach) ag an múinteoir treorach go seachtainiúil.
7. Am ranga ag na hOídí Ranga leis an rang faoina gcúram go seachtainiúil.
8. Cruinniú seachtainiúil Foireann Tacaíochta Scoláirí– déanfar monatóireacht / plean a leagan síos nó a uasdátáil dóibh siúd i mbaol.
9. Cruinniú seachtainiúil Oidí Ranga – aithneofar scoláire i mbaol agus déanfar athreorú chuig an bhFoireann Tacaíochta Scoláirí.

Meastóireacht:

Luaigh an bealach ina ndéanfar meastóireacht ag ceann na dtrí bliana ar éifeacht na mbeart um CHOINNEÁIL

Luaigh an bealach ina dtomhaisfear an dul chun cinn ag baint úsáide as an mbonnlíne agus as spriocanna mar threoir

1. Déanfar anailís ar statisticí tinrimh gach rang go rialta – Comhordaitheoir tinrimh / TBSP.
2. Breathnóidh an Foireann Tacaíochta Scoláirí gach bliain ar an méid scoláire atá ag suí Sraith Sóisearach i gcomparáid leis an méid scoláirí a tháinig isteach i mbliain 1. (2025 = 100%) (2026 = 100%)
3. Breathnóidh an Foireann Tacaíochta Scoláirí/ Múinteoir Treorach gach bliain ar an méid scoláirí atá ag suí Ardteist i gomparáid leis an méid scoláirí a tháinig isteach i mbliain 1 agus i gcomparáid leis an meán náisiúnta. (2025 = 100%) (2026 = 100%)
4. Déanfaidh an Coiste DEIS meastóireacht ar an ráta coinneála don chóhort a thosaigh i 2020 ag tabhairt faoi ardteist 2026 agus cuirfear sin i gcomparáid leis an sprioc. (100%)
5. Déanfaidh an Coiste DEIS meastóireacht ar an ráta coinneála don chóhort a thosaigh i 2021 ag tabhairt faoi ardteist 2027 agus cuirfear sin i gcomparáid leis an sprioc.
6. Déanfaidh an Coiste DEIS meastóireacht ar an ráta coinneála don chóhort a thosaigh i 2022 ag tabhairt faoi ardteist 2028 agus cuirfear sin i gcomparáid leis an sprioc.